# Saol, Pobal agus Obair na hArdteistiméireachta
# Briathra Gnímh

| Briathra Gnímh | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí... |
|---|---|
| **Aithin (sonraí/faisnéis)** | fíricí, saintréithe nó coincheapa atá riachtanach (ábhartha/oiriúnach) chun cás, imeacht, próiseas nó feiniméan a thuiscint a shainaithint |
| **Comhoibrigh** | bheith ag obair lena chéile nó in éineacht le daoine eile ar ghníomhaíocht nó ar thionscadal |
| **Cosain** | cúiseanna bailí nó fianaise bhailí a thabhairt chun tacú le freagra nó le conclúid |
| **Cruthaigh** | rud a thabhairt chun bheith; tabhairt ar rud éigin tarlú de bharr gníomhaíochtaí duine |
| **Cruthaigh** | rud nua a dhéanamh nó a thabhairt chun saoil, nó a chruthú trí phróiseas sainithe a leanúint |
| **Cuir i bhfeidhm** | faisnéis agus/nó eolas agus tuiscint a roghnú agus a úsáid chun cás tugtha nó fíorchúinsí a mhíniú |
| **Cuir i gcrích** | an fhaisnéis nó na sonraí a theastaíonn a sholáthar do gach cuid de phróiseas ar mhaithe lena chur i gcrích |
| **Cuir i láthair** | rud a thaispeáint ionas gur féidir le daoine eile é a mheasúnú |
| **Cuir síos** | cuntas mionsonraithe a thabhairt ar phríomhphointí na topaice, ag baint úsáid as focail, léaráidí agus/nó íomhánna |
| **Déan** | tabhairt faoi ghníomhaíocht |
| **Déan Comparáid** | cuntas a thabhairt ar na cosúlachtaí agus (nó) difríochtaí idir dhá rud nó cás (nó níos mó), ag tagairt don dá cheann acu (dóibh uile) síos tríd |
| **Déan taighde** | fiosrú sonrach a dhéanamh, ach fianaise a bhailiú, a eagrú agus a anailísiú d'fhonn teacht ar chonclúidí |
| **Forbair** | éabhlóidiú; rud a dhéanamh soiléir nó a leathnú amach ó thaobh sonraí de |
| **Iniúch** | breathnú, staidéar nó scrúdú a dhéanamh go mion chun fíricí a chinntiú, agus teacht ar léargais agus/nó conclúidí nua |
| **Léirigh** | samplaí a úsáid chun cur síos ar rud éigin |
| **Léirigh tuiscint** | corpas dea-eagraithe eolais a bheith aige agus é sin a chur i bhfeidhm |
| **Léirthuiscint a bheith ag... do...** | an bhrí, an luach nó an tábhacht atá le rud a aithint |
| **Machnaigh** | machnamh meabhraitheach a dhéanamh ar ghníomhartha, taithí, luachanna agus léann d'fhonn léargais nua a fháil agus brí a bhaint astu |
| **Meas** | nádúr, cumas, cáilíocht nó luach ruda a mheas, a mheasúnú nó breithiúnas a thabhairt ina thaobh |
| **Mínigh** | mionchuntas a thabhairt lena n-áirítear fáthanna nó cúiseanna |
| **Pléigh** | athbhreithniú tomhaiste cothrom a thabhairt a chuimsíonn réimse argóintí, peirspictíochtaí, tosca nó hipitéisí, atá bunaithe ar fhianaise chuí |
| **Rangaigh** | rudaí a chur i ngrúpaí bunaithe ar thréithe comónta |
| **Sainaithin** | patrúin, fíricí nó sonraí a aithint; freagra a sholáthar ó roinnt féidearthachtaí; fíoras nó gné shainiúil a aithint agus a lua go hachomair |
| **Tabhair breac-chuntas** | na príomhphointí a thabhairt, gan ach na píosaí faisnéise riachtanacha a thabhairt |
| **Tabhair breithmheas** | píosa saothair nó téacs a mheasúnú, a bhreith nó a mheas |
| **Taispeáin** | rud a chruthú nó a dhéanamh soiléir trí réasúnaíocht nó le fianaise, rud a léiriú le samplaí nó le cur i bhfeidhm praiticiúil |
| **Téigh i ngleic le...** | próiseas, straitéis, plean nó gnás a dhéanamh go gníomhach agus go dílis |

cc BY NC

(Leaving Certificate Life Community and Work Specification, 2025, pp. 4. Appendix 1: Glossary of Action Verbs)

Oide